Parlaimint na hEorpa
2014-2019

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2018/0318(NLE)

25.10.2018

***

DRÉACHTMHOLADH

ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir leis an gcomhaontú stádais a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus Poblacht iar-Iúgslavach na Macadóine maidir le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bPoblacht iar-Iúgslavach na Macadóine
(COM(2018)0611 – C8-0000/2018 – 2018/0318(NLE))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Bodil Valero

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

CLÁR

Leathanach

DRÉACHT-RÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA.....5

DRÉACHT-RÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir leis an gcomhaontú stádais a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus Poblacht iar-Iúgslavach na Macadóine maidir le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bPoblacht iar-Iúgslavach na Macadóine (COM(2018)0611 – C8-0000/2018 – 2018/0318(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle (COM(2018)0611),

– ag féachaint don [dréacht-chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht iar-Iúgslavach na Macadóine] (XXXXX/2018)

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 77(2)(b) agus (d), Airteagal 79(2)(c) agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C8-0000/2018),

– ag féachaint do Riail 99(1) agus (4) agus do Riail 108(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A8-0000/2018),

1. ag tabhairt a toiliú chun an comhaontú a thabhairt i gcrích;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Poblacht iar-Iúgslavach na Macadóine.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

a. Cúlra

Is é is aidhm leis an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle ná formheas a dhéanamh ar an gComhaontú Stádais idir an tAontas Eorpach agus Poblacht iar-Iúgslavach na Macadóine maidir le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bPoblacht iar-Iúgslavach na Macadóine mar a fhoráiltear dó le Rialachán (AE) Uimh. 2016/1624 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach.

Foráiltear leis an Rialachán thuasluaite do na féidearthachtaí éagsúla don Ghníomhaireacht comhar a dhéanamh le tríú tíortha. Is é atá i gceist le comhaontú stádais agus creat atá ceangailteach de réir dlí a sholáthar le haghaidh gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta, i gcás ina n-imlonnófar baill foirne le cumhachtaí feidhmiúcháin go dtí críoch na tríú tíre. Foráiltear go sainráite le hAirteagal 54(4) de Rialachán (AE) Uimh. 2016/1624 go dtabharfaidh an tAontas agus an tríú tír lena mbaineann an comhaontú stádais i gcrích i gcásanna ina bhfuil sé beartaithe go n-imlonnófar foirne ón nGarda Teorann agus Cósta Eorpach go dtí tríú tír i ngníomhaíochtaí ina mbeidh cumhachtaí feidhmiúcháin ag baill foirne, nó ina bhfuil gá ag gníomhaíochtaí eile i dtríu tíortha leis sin.

Is é an cuspóir atá ag an gcomhaontú stádais go gcumhdófar gach gné is gá le dul i mbun ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta i dtríú tíortha. Thairis sin, ba cheart go leagfaí amach raon feidhme na hoibríochta, dliteanas sibhialta agus coiriúil bhaill na foirne, na cúraimí atá orthu agus a gcuid cumhachtaí. Ba cheart do na comhaontuithe stádais a ráthú freisin go léireofaí lánurraim i leith cearta bunúsacha agus a ráthú go mbunófaí sásraí tiomnaithe um réiteach gearán, a úsáidfear i gcás ina ndéanfaí sárú ar chearta bunúsacha i rith na n-oibríochtaí sin.

Is é an comhaontú stádais le Poblacht iar-Iúgslavach na Macadóine an dara caibidlíocht maidir le comhaontú a tugadh i gcrích le tríú tír i sraith comhaontuithe a tosaíodh le tíortha na mBalcán Thiar.

b. Seasamh an Rapóirtéara

Maidir le tabhairt i gcrích comhaontuithe foirmiúla agus ceangailteacha de réir dlí faoi chuimsiú an chomhair le tríú tíortha, seachas comhshocrú neamhfhoirmiúil oibre a thabhairt i gcrích, measann an Rapóirtéir go bhfuil sé ríthábhachtach d'fhonn trédhearcacht, grinnscrúdú poiblí agus formhaoirseacht dhaonlathach a áirithiú maidir le comhar den sórt sin. Mar sin féin, ba cheart d'aon chomhaontú a thugtar i gcrích idir AE agus tríú tíortha maidir le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta a mheas go cúramach, breisluach a bheith acu agus géarghá a bheith leo agus ba cheart dóibh a bheith comhréireach de réir cuspóra agus ábhair de.

Dá bhrí sin, tá géarghá le tabhairt i gcrích Comhaontuithe Stádais, ní hamháin d'fhonn trédhearcacht agus cuntasacht ghníomhaíochtaí comhair na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta le tríú tíortha a áirithiú, ach d'fhonn creat soiléir le haghaidh comhar le tríú tíortha maidir le bainistiú theorainneacha seachtracha AE chomh maith. Ba cheart don Chomhaontú Stádais cosaint na gCeart Bunúsach a áirithiú agus béim a chur ar dhualgas na mball foirne lánurraim a léiriú i leith cearta agus saoirsí bunúsacha, go háirithe

maidir le rochtain ar nósanna imeachta tearmainn, dínit an duine agus toirmeasc ar chéasadh, íde mhídhaonna nó tháireach, ceart chun saoirse, prionsabal an *non-refoulement* agus toirmeasc ar ionnarbadh comhchoiteann, cearta an linbh agus an ceart chun measa ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh laistigh de raon feidhme an chomhaontaithe. Thairis sin, ba cheart go mbunóidís an oibleagáid sásraí éifeachtach um réiteach gearáin a bhunú agus a fheidhmiú maidir le cearta bunúsacha, i gcomhréir le hAirteagal 72 de Rialachán (AE) Uimh. 2016/1624, a áiritheodh an fhéidearthacht sásamh a fháil i gcás ina mbeadh sárú ar chearta bunúsacha fad agus oibríochtaí á ndéanamh faoi chuimsiú an chomhair sin.

D'fhonn oibríochtú feidhmiúil agus fónta na Gníomhaireachta a éascú sa todhchaí maidir le comhar le tríú tíortha, is gá go gcuirfí san áireamh lánurraim i leith cearta bunúsacha, cosaint sonraí agus príobháideachas i gcomhaontuithe sa todhchaí chomh maith. Is gá go gcuirfí stádas sásúil dlíthiúil na mball foirne chomh maith le rialacha soiléire maidir le dliteanas coiriúil, sibhialta agus riaracháin san áireamh i gcónaí d'fhonn cuntasacht chuí a áirithiú. Maidir le caibidlíochtaí sa todhchaí chun comhaontuithe stádais a chur ar bun, iarrann an Rapóirtéir ar an gCoimisiún measúnú ar chearta daonna/cearta bunúsacha a dhéanamh ar an tríú tír lena mbaineann sula rachfar i mbun caibidlíochtaí agus toradh an mheasúnaithe sin a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa go pras.

I ndáil le forbairt an Rialacháin maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach i réimse an chomhair le tríú tíortha, cuireann an Rapóirtéir béim ar a thábhachtaí agus atá sé raon comhair níos leithne a bheith ann le tríú tíortha nach tíortha iad a roinneann teorainn sheachtrach talún le Ballstát, i gcomhréir le sainordú na Gníomhaireachta chun tacú le Ballstáit bainistiú a dhéanamh ar theorainneacha seachtracha AE.

I bhfianaise thabhairt i gcrích na gComhaontuithe Stádais le tríú tíortha atá ar na bacáin, iarrann an Rapóirtéir ar an gCoimisiún gach doiciméad a chur ar fáil gan mhoill agus iad a phoibliú, ar doiciméid iad a bhfuil gá leo chun go ndéanfaidh an Pharlaimint a cuid oibre institiúidí agus go dtosóidh sí nósanna imeachta ábhartha an toilithe de réir Riail 99(1) agus (4) agus Riail 108(7) dá Rialacha Nós Imeachta, ag cur san áireamh dréachtleaganacha an Chomhaontaithe Stádais sula dtabharfar i gcrích é. Áiritheodh sé sin trédhearcacht agus grinnscrúdú poiblí cuí agus formhaoirseacht dhaonlathach ar na comhaontuithe sin.

Ar deireadh, measann an Rapóirtéir go bhfuil an comhaontú stádais molta comhréireach leis an samhail-chomhaontú stádais dá bhforáiltear dó sa teachtaireacht ón gCoimisiúin maidir leis an inneachar agus na forálacha is ceart a bheith sa chomhaontú deiridh.

Agus an comhaontú ag tús chéim an chur i bhfeidhm, iarrann an Pharlaimint go gcuirfidh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta in iúl gan mhoill do Pharlaimint na hEorpa na gníomhaíochtaí arna seoladh mar chuid de chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Stádais agus cuireann sí i gcuimhne don Ghníomhaireacht a dualgas measúnú ar chomhar le tríú tíortha a chur san áireamh ina tuarascálacha bliantúla i gcomhréir le hAirteagal 54(11) de Rialachán (AE) Uimh. 2016/1624.

I bhfianaise a bhfuil thuasluaite, molann an Rapóirtéir don Pharlaimint téacs an dréacht-chinnidh ón gComhairle a fhormhuiniú.